

Aidedh Ferghusa meic Léide

The death of Fergus mac Léide: Extracts

Section 1

Rí firén forglide fírbrethach	Rí fíréanta iontaofa fíorbhreitheach	A righteous king, a maintainer of truth and a giver of just judgments,
ro gabastair flaithes agus forlámas for clannaib rathmara Rudraige	a ghabh flaitheas agus forlámhas ar chlanna rafara Rudhraighe:	that had dominion over the happy Clanna Rudhraidhe or ‘children of Rury’:
.i. Fergus mac Léite mhic Rudraige	.i. Fergus mac Léite mhic Rudhraighe.	Fergus son of Léide son of Rury;
is iad fa churaid agus ba chathmhílid aige	Is iad ba churaidh agus ba chathmhílí aige:	and these are they that were his heroes and men of war:
.i. Eirgenn agus Aimirgin iurtunach	Eirgeann agus Aimhirghin <u>an creachadóir</u> ,	Eirgenn, Amergen Iurthunnach or ‘the ravager,’
ocus Conna buide mac Iliach agus Dubán mac Luigdech.	agus Conna buí mac Iliach, agus Dubhán mac Luighdeach.	Conna Buie son of Iliach, and Dubthach son of Lughaid.

Section 2

Dorónad fled mór lasin rí sin [in] nemain Macha	Rinneadh fleadh mhór leis an rí sin in Eamhain Macha,	By that king a great feast was made in Emania,
gur bo hullam inchaithme	gur ba hullamh <u>le hithe í</u> ,	and it was ready, fit to be consumed,
ocus gur bo solum solesaithe í.	agus gur ba sholamh sólásaithe í.	all set in order and well furnished forth;
is í sin uair ocus aimsir	Is í sin uair agus aimsir	that very season and hour being the same also at which
dorigned fled ac ríg thuaithe luchra ocus lupracánach	a rinneadh fleadh ag rí tuaithe Luchra agus Luprachánach	the king of the Lupra and Lupracán held a banquet:
.i. Iubd[án] mac Abdáin.	.i. Iubhdán mac Abhdáin.	whose name was Iubhdán son of Abhdaein.
ba hiat so anmanna na cathmíled bátar ag Iubdán	Ba hiat seo ainmneacha na gcathmhílí a bhí ag Iubhdán:	These are the names of the men of war that were Iubhdan's:
.i. Conán mac Ruichid ocus Gerrchú mac Gairid	Conán mac Ruichid, agus Gearrchú mac Gairid,	Conan son of Ruiched, Gerrchu son of Gairid,
ocus Rigbec mac Róbic ocus Luiccín mac Luiccid	agus Ríbhig mac Róbhig, agus Luighín mac Luighedh,	and Righbeg son of Robeg; Luigin son of Luiged,
ocus Glúnán mac Gabairn ocus Febal mac Feoirnín	agus Glúnán mac Gabhairn, *agus Feabhal mac Feoirnín,	Glunan son of Gabarn, Febal son of Feornin,

ocus Cinnbec mac Gnumáin ocus Brigbec mac Buain	agus Ceannbheag mac Gnumháin,* agus Bríbheag mac Buain,	and Cinnbeg son of Gnuman; together with Buan's son Brigbeg,
ocus Bran mac Luain ocus Methar mac Mintáin.	agus Bran mac Luain, agus Meithear mac Miontáin.	Liran son of Luan, and Methar son of Mintan.

Section 3

Tucad tréfer tuaithe luchra ocus lupracán chucu	Tugadh tréanfhear tuaithe Luchra agus Lupracán chucu	To them was brought the strong man of the region of the Lupra and Lupracan,
.i. Glómhar mac Glaiss mic Glomraide	.i. Glómhar mac Glais mhic Glomhraidhe.	* Glomhar son of Glomradh's son Glas,*
ocus fa hí tréferdacht dogníodh	Agus ba hí tréanfhearúlacht a ghníomhaíodh sé:	whose prize feat that he used to perform was
in fothannán do trascairt d'óenbuille	an feochadán a threascairt d'aonbhuille,	the hewing down of a thistle at a single stroke;
ocus do bíodh feidm in dá fer déc acasan	agus bhíodh feidhm an dá fhear déag acusan	whereas it was a twelve men's effort of the rest of them
ag trascairt in fí sin.	ag treascairt an fí sin.	to give him singly a wrestling-fall.
tucad tánaiste in rí chucu	Tugadh tánaiste an rí chucu	To them was brought the king's presumptive successor:
.i. Bec mac Bic	.i. Beag mac Big.	Beg that was son of Beg;

ocus tuccad ollam in rí g ocus a fer dána	Agus tugadh ollamh an rí agus a fhear dána,	the king's poet and man of art likewise:
.i. Eisirt mac Bic mic Buaidgeine	Eisirt mac Big mhic Buaidhgheine,	Esirt son of Beg son of Buaidghen,
ocus maithe thuaithe luchra agus lupra ar chena.	agus maithe thuaithe Luchra agus Lupra leis.	with the other notables of the land of the Lupra and Lupracan.

Section 4

Do cóirged in tech nóla sin aco	Cóiríodh an teach óil sin acu	By these now that banquet-house was ordered
ar dánaib ocus ar dligtenas.	ar dhána agus ar dhliteanas.	according to qualities and to precedence:
tuccad Iubdán ar slíos in tige nóla	Tugadh Iubhdán ar shlíos an tí óil	at one side Iubhdan was placed,
[ocus a] bainchéile ar a ghualainn .i. Bébo ocus a ollam ar in gualainn aile do	agus a bhean chéile ar a ghualainn .i. Bé Bhó, agus a ollamh ar an ngualainn eile.	having next to him on either hand Bébhó his wife, and his chief poet;
ocus tucad Bec mac Bicc ar in slíos rí g araill ar agaid Iubdán	Agus tugadh Beag mac Big ar an slíos eile ar aghaidh Iubhdán	at the other side of the hall and facing Iubhdan sat Beg son of Beg,
ocus maithe na táisech uime	agus maithe na dtaoiseach uime.	with the notables and chiefs;
tucad tré nfer in rí g	Tugadh tréanfhear an rí,	the king's strong man too:
.i. Glómar mac Glais mic Glomraide	Glómhar mac Glais mhic Glomhraidhe,	Glomhar son of Glomradh's son Glas,
i nursainn in tige.	go hursain an tí.	stood beside the doorpost of the house.

ro benad a gcinnbecca dá ndabchaib iar sin	Baineadh a spiogóidí dá ndabhcha iar sin,	Now were the spigots drawn from the vats,
ocus is amlaid ro bátar na dabcha sin agus siad donna ar lí dergiubair.	agus is amhlaidh a bhí na dabhcha sin agus iad donn ar lí deargiúir.	the colour of those vats being a dusky red after the tint of red yew.
ro éirgedar dáilemain re dáil agus rannairi re roinn acu	D'éirigh na dáiliúna le dáileadh agus rannairí le roinnt,	Their carvers stood up to carve for them and their cup-bearers to pour;
ocus ro dáiled lionn sen suain somblasta for na sluagaib	agus dáileadh leann sean suain sobhlasta ar na sluaite,	and old ale, sleep-compelling, delicious, was served out to the throng
		so that on one side as on the other of the hall
comtar mescta medharchain iat	go mba meiscthe meidhurchaoin iad	they were elevated and made huge noise of mirth.
[leth] ar leth.	ar gach leith.	

Section 5

Is ann sin ro éirig a náirdrí agus a cenn comairle .i. Iubdán leisín corn mbrec

éirgis Bec mac [B]ic do'n tslios rí i nagaid Iubdán dá onórugud

ocus ro ba sochomráid Iubdán:

“in facabair riam rí bud ferr iná mise?”

“ní facamar” ar siat.

“in facabair riam [tré]nfer bud ferr iná mo tréanfer?”

“ní facamar” ar siat.

“in facabair riam curad ná cathmílid bud ferr iná a fuil [sin] tigse inocht?”

“dar ár mbréithir” ar siat “ní fhacamar.”

Is ansin a d'éirigh a n-ardrí agus a gceann comhairle Iubhdán leis an gcorn breac.

D'éirigh Beag mac Big don tslios rí, in aghaidh Iubhdán dá onórú,

agus ba shochomhráití Iubhdán:

“An bhfaca sibh riamh rí ba fearr ná mise?”

“Ní fhacamar,” ar siad.

“An bhfaca sibh riamh tréanfhear ba fearr ná mo thréanfhear?”

“Ní fhacamar,” ar siad.

“An bhfaca sibh riamh curadh ná cathmhíle ba fearr ná a bhfuil sa teach seo anocht?”

“Dar ár mbriathar,” ar siad, “ní fhacamar.”

At last Iubhdan, that was their king and the head of all their counsel, having in his hand the *corn breac* or ‘variegated horn’ stood up;

on the other hand, over against Iubhdan and to do him honour, stood up Beg son of Beg.

Then the king, by this time affably inclining to converse, enquired of them saying:

“have ye ever seen a king that was better than myself?”

and they answered: “we have not.”

“Have ye ever seen a strong man better than my strong man?”

“We have not.”

“Horses or men of battle have ye ever seen better than they which to-night are in this house?”

“By our words,” they made answer, “we never have.”

“do[beirim] dom bréithir ris” ar Iubdán	“Tugaim dom bhriathar leis,” ar Iubhdán,	“I too,” Iubhdan went on, “wage my word
“co mbud doilig braigde [ná br]aite do breith ar éicin as in tigse innocht	“go mba dheacair braighdeán ná brathadóir a bhreith ar éigin as an teach seo anocht	that it were a hard task forcibly to take out of this house to-night either captives or hostages:
ar febus a churad agus a chathmhíle	ar fheabhas a churadh agus a chathmhílí,	so surpassing are its heroes and men of battle,
ar imat a tech agus a tréfnear	ar iomad a theach agus a thréanfhear,	so many its lusty companions and men of might,
agus le himat a rígdamnad merborb merláidir midhachda.”	agus le hiomad a rídhamaí mearbhorba mearláidre calma.”	so great the number of its fierce and haughty ones that are stuff out of which kings might fittingly be made.”

Section 6

ro tibestair Eisirt .i. ollam in rí a gháire	Thibh Eisirt, ollamh an rí, a gháire	All which when he had heard, the king’s chief poet Esirt burst out a-laughing;
acá chlos sin	á chlos sin.	
fiafraigis Iubdán de:	D’fhiafraigh Iubhdán de:	whereupon Iubhdan asked:
“cad fá ndernais in gáire sin a Eisirt?” ar sé.	“Cén fáth a ndearna tú an gháire sin, a Eisirt?”	“Esirt, what moved thee to that laugh?”

“is aithnid dam” ar in tollam “énchúiged d’ Eirinn	“Is aithnid dom,” ar an t-ollamh, “aonchúige d’Éirinn,	Said the poet: “I wot of a province that is in Ireland,
ocus dobérad énfér díob géill ocus braigde	agus bhéaradh aonfhear díobh gialla agus braighdeáin	and one man of them would lift hostages and captives
ó na ceithre cathaib atáise do thuathaib luchra.”	ó na ceithre chatha do thuatha Luachra.”	from all four battalions that here ye muster of the Luchra.”
“gabtar lib in tollam” ar Iubdán	“Gabhtar libh an t-ollamh,” ar Iubhdán,	“Lay the poet by the heels,” cried the king,
“co ndígailter a mórbríathra fair”	“go n-imrítear díoltas a mhórbhriathra air.”	“that vengeance be taken of him for his bragging speech.”
ocus dorónad amlaid.	Agus rinneadh amhlaidh.	So it was done;
“bud olcc duitse in gabáil sin a Iubdáin” ar Eisirt	“Ba olc duitse an ghabháil sin, a Iubhdáin,” ar Eisirt,	but Esirt said: “Iubhdan, this thy seizure of me will bear thee evil fruit;
		for in requital of the arrest
“ár biairse féin cúig bliadna i láim i nemain Macha	“óir beirse féin cúig bliana i láimh in Eamhain Macha	thou shalt thyself be for five years captive in Emania,
i níc na gabála	in íoc na gabhála,	
ocus ní tiucfair as	agus ní thiocfaidh tú	whence thou shalt not escape

nó co fácbair rogha do shét ocus do maoined	nó go bhfágfaidh tú rogha do sheod agus do mhaoine.	without leaving behind thee the rarest thing of all thy wealth and treasures.
ocus is ar son na gabála sin tuitfios Cobtach cas mac ríg Muman	Agus is ar son na gabhála sin a thitfidh Cobhthach Cas, mac rí Mumhan,	By reason of this seizure Cobthach Cas also, son of Munster's king, shall fall,
ocus Eochaid mac Néid mac ríg Laigen	agus Eochaidh mac Néid, mac rí Laighean.	and the king of Leinster's son Eochaid *son of Neid*;
ocus rachadsa féin co tech Ferguis mic Léite	Rachaidh mise féin go teach Fearghusa mhic Léite	whilst I myself must go to the house of Fergus son of Leide
ocus bet san chorn ar eochairsnám ocus is bec nach báidfiter mé ann”	agus beidh mé sa chorn ar eochairsnámh, agus is beag nach mbáfar mé ann.”	and in his goblet be set a-floating till I be all but drowned.”
ocus atb[ert]:—	Agus dúirt (sé):	Which said he indited:—
“Fled mór inocht i nEmain olc do mnáib í olc d’feraib;	“Fleadh mhór anocht in Eamhain olc do mhná í olc d’fhir,	“A great feast there is to-night in Emania, but a feast evil to women, and to men an evil one:
gé atáit slóig co subach de bud brónach [d]ubach doirche	cé go bhfuil <u>na</u> sluaite súgach de, ba brónach dubhach dorchach.	jovial as be the crowds that now enjoy it, the end will be melancholy dismal gloom . . .”
Rachadsa co hEmain de co tech Ferguis mic Léite; in tráth bias cách ac in ól bet san chorn ar eochairsnóm	Rachadsa go hEamhain de, go teach Fearghusa mhic Léide, an tráth bheas cách ag an ól bead sa chorn ar eochairsnóm.	

Is trít thuitfios Cobthach cas
mac rí Muman móramnas;
is Eochaid mac Néid connim
gid é as áirdrí ar Laignib

Is tríd thiteas Cobhthach Cas,
mac rí Mumhan móramhnas,
is Eochaidh mac Néid coinneamh,
gid é is airdrí ar Laighin.

Beirse bliadain it chimid
cot choimét ac gairbgillib;
tré gabáil Eisirt iar sin
tré bithin na fleide sin”

Beirse bliain id’ chime,
go do choimeád ag gairbhghillibh,
trí ghabháil Eisirt iar sin
trí bhíthin na fleidhe sin.”

Section 7

“Olc in gabáil sin dorinnis ormsa a airdrí” ar
Eisirt

“Olc an ghabháil sin a rinne tú ormsa, a
airdrí,” ar Eisirt,

“An evil arrest is this thou hast made of me, O
king,” Esirt went on:

“ocus tabair cáirde trí lá agus trí naidche
damsa

“agus tabhair cairde trí lá agus trí oíche domsa

“but grant me now a three-days’ and three-
nights’ respite

co ndeachainn co hemain Macha co tech
Fergus mic Léite

go ndeachainn go hEamhain Macha, go teach
Fearghusa mhic Léide,

that I may travel to Emania and to the house of
Leide’s son Fergus,

ocus dá fagar comartha suaichnid

agus dá bhfaighinn comhartha suaithní

to the end that if there I find some evident
token

ar a tiubartháise aithne co fuil in fírinne acom
co tucar lem é

ar a dtabharfása aithne go bhfuil an fhírinne
agam, go dtugtar liom é.

by which thou shalt recognise truth to be in
me I may bring the same hither;

ocus muna tucar dénaidse in ní bus áil lib rim.”	Agus muna dtugtar, déan an ní ab áil libh liom.”	or if not, then do to me that thou wilt.”
is ann sin ro scáiled d’Eisirt oculus ro éirig	Is ansin a scaoileadh d’Eisirt. Agus d’éirigh sé	Then Esirt, his bonds being loosed, rose
ocus ro gabastair léine do maethsról mínétrocht ré a gheilcnes	agus ghabh sé air léine do mhaothshról míngeal lena ghealchneas,	and next to his white skin put on a smooth and glossy shirt of delicate silk.
ocus inar finnhlechtach forórda tairsi sin imuig inechtur	agus ionar gealfhillte for-ór thairis sin,	Over that he donned his gold-broidered tunic
ocus brat corcra corrtarach imálainn lebarboc	agus brat corcra cortharach iomálainn leabharbhog	and his scarlet cloak, all fringed and beautiful, in soft folds flowing:
do chorcair tíre na finn	de chorchair tíre na bhFinn,	the scarlet being of the land of the Finn,
cona ciumais do bánór brioc	gonna ciumais do bhánór breactha.	and the fringe of pale gold in varied pattern.
ocus a dá bróic áille fhinndruine co forniamad óir itir a troigtib oculus talam	Agus a dhá bhróg áille fiondruine go forniamhadh óir idir a throithe agus talamh.	Betwixt his feet and the earth he set his two dainty shoes of the white bronze, overlaid with ornament of gold.
ocus a fhlesc fhileta fhinndruine oculus a chochallbrat sróill	Agus a fhleasc fhileata fhiondruine. Agus a chochallbhrat sróil.	After assumption of his white bronze poet’s wand and his silken hood
ocus tánic reime i nathgairit gacha sliged oculus gacha heoluis	Agus tháinig <u>sé</u> roimhe, in aicearra gach slí agus gach eolas,	he set out, choosing the shortest way and the straightest course,
ocus ní haitrister a imtecht co ránic co hemain Macha	agus ní aithrisítear a imeacht go ráinigh <u>sé</u> go hEamhain Macha.	nor are we told how he fared until he came to Emania

ocus ro chroith a fhlesc fhileta fhiled i ndorus in baile	Chroith a fhleasc fhileata fhile i ndoras an bhaile.	and at the gate of the place shook his poet's rod.
ocus do chuala in dóirseoir in fuaime sin agus táinig sé amach	Chuala a doirseoir an fhuaim sin agus tháinig <u>sé</u> amach.	The gate-keeper when at the sound he was come forth
ocus do chonnaic in fer beag beoga bithálainn	Chonaic an fear beag beoga bithálainn,	beheld there a tiny man, extraordinary comely and of a most gallant carriage,
ocus do roiched fér séta slím glas na faitche	agus shroichfeadh fhear seang glas na faiche	in respect of whom the close-cropped grass of the green was so long
co a glún agus co remar a sliasta do.	go a ghlún agus go ramhar a sliasaide.	that it reached to his knee, aye, and to the thick of his thigh.
ocus ro gab ingnad in dóirseoir acá faicsin	Ghabh ionadh an doirseoir á fheiceáil.	At sight of him wonder fell upon the gate-keeper;
ocus do chuaid in dóirseoir istech	Chuaigh isteach	and he entered into the house,
ocus ro innis d'Fergus agus do'n tsluag	agus d'inis <u>sé</u> d'Fhearghus agus don slua,	where to Fergus and to the company he declared the matter.
ocus issed adeirdís: "in luga é iná Aedh?"	agus is é a déarfaidís: "An lú é [Eisirt] ná Aodh?"	All enquired whether he [<u>Esirt</u>] were less than Aedh:
ollam Ulad in tAedh sin agus abac é	Ollamh Uladh an tAedh sin, agus abhac é,	this Aedh being Ulster's poet, and a dwarf
ocus do bíodh ar basaib na fer mór.	agus a bhíodh ar bhosa na bhfear mór.	that could stand on full-sized men's hands;

“dar mo bréithir” ar in dóirseoir “do thuillfed sé ar bois Aedha.”	“Dár mo bhriathar,” ar an doirseoir, “thuillfeadh sé ar bhos Aodha.”	but the gate-keeper said: “upon Aedh’s palm he, by my word, would have room enough.”
ocus rucsat in sluag breisim i naenfecht dá féchain	Rug an slua scairteadh gáire in éineacht dá fhéachaint	Hereupon the guests with pealing laughter desired to see him:
ár ba fata le gach naen aca co faiced é	óir ba fhada le gach aon acu go bhfaiceadh é,	each one deeming the time to be all too long till he should view <u>Esirt</u>
ocus arna faicsin co labrad ris.	agus arna fheiceáil, go labhradh leis.	and, after seeing him, speak with him.
dorigned cumus da gach leith de d’feraib oculus do mnáib.	Rinneadh deimhin de go mbeadh teacht ag idir fhir agus mhná air de gach leith.	Then upon all sides both men and women had free access to him,
atbert Eisirt:	Dúirt Eisirt:	but Esirt cried:
“a daeine móra” ar sé “ná lenaidh bar nanála coirpte coimgerra dún.	“A dhaoine mhóra,” ar sé, “ná leanaigí bhur n-anála coirpe bréana chomh gar dom,	“huge men that ye are, let not your infected breaths so closely play upon me,
acht léicid in fer beg út as luga agaib chucum	ach ligigí an fear beag is lú agaibh chugam,	but suffer yon small man that is the least of you to approach me;
ocus cid beg acaibse é do bud mór san crích ina mbímse.”	agus cé beag agaibhse é, ba mór sa chríoch ina mbímse.”	who, little though he be among you, would yet in the land where I dwell be accounted of great stature.”
ocus ruc Aedh éiges ar a bais leis sin tech mór é.	Agus rug Aodh éigeas ar a bhos leis sa teach mór é.	Into the great house therefore, and he standing upon his palm, the poet Aedh bore him off.

ro fiarfaig Fergus sc[él]a de cuich é féin.	D'fhiafraigh Fearghus scéala de cé hé féin.	Fergus, when he had sought of him tidings who he might be, was answered:
“Eisirt mac Big mic Buaidgeine mise” ar sé:	“Eisirt mac Big mhic Bhuaidhgheine,” ar sé,	“I am Esirt son of Beg son of Buaidghen:
“ollam ocus fili ocus éiges tuaithe luchra ocus lupracán.”	“ollamh agus file agus éigeas thuaithe Luchra agus Lupracán.”	chief poet, bard and rhymer, of the Luchra and Lupracan.”

Section 8

Is ann sin ro bátar na sluaig ac caithem na flede	Is ansin a bhí na sluaite ag caitheamh na fleidhe.	The assembly were just then in actual enjoyment of the feast,
ocus tánic in dáilem leisin corn go Fergus:	Agus tháinig an dáileamh leis an gcorn go Fearghus.	and a cup-bearer came to Fergus:
“tabair do’n fíor bec chucum” ar Fergus.	“Tabhair é don fhear beag [a tháinig] chugam,” ar Fearghus.	“give to the little man <u>that is come</u> to me,” said the king.
“ní chaithiubsa bar mbiad ocus ní hib bar lionn” ar Eisirt.	“Ní chaithfidh <u>mise</u> bhur mbia agus ní ólfaidh <u>mé</u> bhur leann,” ar Eisirt.”	Esirt replied: “neither of your meat will I eat, nor of your liquor will I drink.”
“dar ár mbréithir” ar Fergus	“Dar ár mbriathar,” ar Fearghus,”	“By our word,” quoth Fergus,
“óir asat fer seguinn fochuidbithe	“óir is tú an fear séaghainn fonóideach	“seeing thou art a flippant and a mocking fellow,

is cóir do chur isin chorn	is cóir a chur sa chorn,	it were but right to drop thee into the beaker,
gumad coimdes duit in lionn d'ól umat do gach leith.”	go mba fusa duit an leann a ól umat do gach leith.”	where at all points round about thou shouldst impartially quaff the liquor.”
ocus acá chloistecht sin do’n dáilemain do iad a glaic uime	Agus á chloisteáil sin don dáileamh d’iaigh a ghlaic uime	At which hearing the cup-bearer closed his hand on Esirt
ocus do theilg san chorn é	agus theilg <u>sé</u> sa chorn é	and popped him into the goblet,
co raibe ar snám ar uachtar in chuirn.	go raibh sé ar snámh ar uachtar an choirn.	in which upon the surface of the liquor that it contained he floated round, and:
“mo chubus ám”	“Dar mo chúis,”	
ar Eisirt “a ollamna Ulad	ar Eisirt, “a ollúna Ulad,	“ye poets of Ulster,” he vociferated,
is mór d’fhios oculus d’eolus	is mór d’fhios agus d’eolas	“much desirable knowledge and instruction there is which,
		upon my conscience,
do ricfed sib a les d’fagáil uaim	a shroichfeadh sibh a leas a fháil uaim,	ye sorely need to have of me,
gé licthí mo bádud.”	cé go ligfí mo bhá.”	yet ye suffer me to be drowned.”
tucad aníos iarsin oculus do niamghlanadh	Tugadh aníos <u>é</u> iar sin, agus niamhghlanadh	
do bréitib búilide breacsróil	le bréideanna búcha breacshróil,	With fair satin napkins of great virtue

ocus do léintib sainemla sídaide é.

agus le léinte saineúla síoda é.

and with special silken fabrics

he being now plucked out was cleaned spick
and span,

fiarfaigis Fergus de:

D'fhiafraigh Fearghus de:

and Fergus enquired:

“cad é in col adubrais ó chianaib

“Cad é an col a dúirt tú ó chianaibh

“of what impediment spakest thou a while
since

fá nach caithfeá ár mbiad?”

faoi nach gcaithfeá ár mbia?”

as hindering thee that thou shouldst not share
our meat?”

“inneosatsa” ar Eisirt “an ní

“Inseofaidh mise duit,” ar Eisirt, “an ní

“That will I e’en tell thee,” the little man
replied:

muna tí t’fergsa rium.”

muna tí d’fhearg-sa liom.”

“but let me not incur thy displeasure.”

“ní ticfa” ar Fergus

“Ní thiocfaidh tú,” ar Fearghus,

“Thou shalt not,” promised the king:

“ocus slonn lim [gac]h ergh[aire]”

“agus sloinn liom gach urghaire.”

“only resolve me the whole impediment.”

ocus atbert Eisirt in láid:—

Agus dúirt Eisirt an laoi [agus d’fhreagair
Fearghus dó]:—

Then Esirt said [and Fergus answered him]:—

“A Ferguis nadfergaigter
re briatraib féige filed;
coi[sc] do glór ndúr ndergnertech
ná hérig l[im] gan dlig[ed]”

“A fir bic na hairide
is do thene bís díthach;
nó in imthigi aininne
for in linn ag inethach”

“Mása rimsa bertaigi
bretha forglide fíra;
[t]usa i ngnáis mná in rechtairi
do dalta i ngnáis na ríona

Na mná finna fáthacha
gé b’edh d’febus a ndelba;
na rígar garba gnáthacha
ní horra bíos a menma”

“A Fhearguis nach bhfeargaítear
le briathra féighe file,
coisc do ghlór dúr deargneartach
ná héirigh liom gan dlí.”

“A fhir bhig na haireaghdha,
is do thine a bhí díothach
nó an imithe d’ainimh
ar an linn duit eitithe.”

“Más liomsa a bheartaíonn tú
breithe iontaofa fíora,
tusa i ngnás mhná an reachtaire,
do dhalta i ngnás do ríona.

Na mná fionna áille,
cé ba d’fheabhas a ndéalbha,
na ríthe garbha gnácha,
ní horthu bhíonn a meanma.”

E.
“With poet’s sharp-set words
never be angered, Fergus;
thy stern hard utterance restrain,
nor against me take unjustifiable action”

F.
“O wee man of the seizure . . .”

E.
“Judgments lucid and truthful, if they be those
to which thou dost provoke me: then I
pronounce that thou triflest with thy steward’s
wife, while thine own foster-son ogles thy
queen.

Women fair-haired and accomplished, rough
kings of the ordinary kind [i.e. mere
chieftains]: how excellent soever be the form
of these, ’tis not on them the former let their
humour dwell [i.e. when a genuine king comes
in their way]”

“A Éisirt nit lenbaide
is fer fire rotermuis;
a shúil mall gan ainmide
nocho bia rit ferg Fergus.”

“A Eisirt ní leanbaí thú,
is fear fire dhéanann meas,
a dhuine mánla gan ainnimh
nach mbeidh romhat fearg Fhearguis.”

F.
“Esirt, thou art in truth no child,
but an approved man of veracity;
O gentle one, devoid of reproach,
no wrath of Fergus shalt thou know.”

Section 9

“D[ar ár] mbréithir” ar Fergus “is fíor mo
chuidse de sin

“Dár ár mbriathar,” ar Fearghus, “is fíor mo
chuidse de sin.

The king went on: “my share of the matter, by
my word, is true;

[uair is fíor co mbím]se ag mnái in rechtaire

Óir is fíor go mbímse ag bean an reachtaire,

for the steward’s wife is indeed my pastime,

ocus is dóchaide lium in chuid [eile] do beith
ina fhírinne de.”

agus is dóichí liom an chuid eile a bheith ina
fhírinne de.”

and all the rest as well therefore I the more
readily take to be a verity.”

“caithfetsa bar mbiadsa festa” ar Eisirt

“Caithfidh mise bhur mbiasa feasta,” ar Eisirt,

Then said Esirt: “now will I partake of thy
meat,

“ó do atmhaig tusa in tolc ocus ná déna arís
é.”

“ó d’adhmaigh tusa an t-olc, agus ná déan arís
é.”

for thou hast confessed the evil; do it then no
more.”

ocus do bí Eisir[t go] subach somenmach ocus
adubairt sé:

Agus bhí Eisirt go subhach somheanmnach,
agus dúirt sé:

Here the poet waxing cheerful and of good
courage went on:

“dorignessa duan dom tigerna féin

“Rinne mé dán dom’ thiarna féin

“upon my own lord I have made a poem

ocus dámad áil libse [do] ghébainn dáib í.”

agus dá mba áil libhse ghabhfainn daoibh í.”

which, were it your pleasure, I would declaim
to you.”

“is binn linn éistecht ria” ar Fergus

ocus atbert:—

“Iubdán mac Abdáin
rí buadach blaithbinn;
[rí m]uige line
rí muige faithlinn

Guth gluair áib uma
gruaid chaeir dath fala;
rosc séim sruth meda
dath ela uan aba

Tensum sluag buide
roinn buar is boeighe;
gort congabair buide
dia uidhe oidhe

Fer dara fonn fiadach
tonn fledartach laemrach;
cenn na sluag srianach
miadach mór maenach

“Is binn linn éisteacht léi,” ar Fearghus.

Agus dúirt:

“Iubhdán mac Abhdáin,
rí buach bláithbhinn,
rí Maighe Line,
rí Maighe Faithlinn.

Guth gluair amhail umha,
grua chaoir dath fola,
rosc séimh sruth meá,
dath eala uan abhann.

Teann san slua buí,
teann i mba is áilleacht,
ar theann gabhann bua,
nuair ar a uidhe beireann oidhe.

Fear dar fonn fiach,
tonn fleách laomdha,
ceann na slua srianach,
miadhach mór maoineach.

Fergus answered: “we would esteem it sweet to hear it,”

and Esirt began:—

“A king victorious, and renowned
and pleasant, is Iubhdan son of Abhdaein:
king of Magh Life [*recte*, Line],
king of Magh Faithlenn.

His is a voice clear and sweet as copper’s
resonance, like the blood-coloured rowan
-berry is his cheek; his eye is bland as it were
a stream of mead, his colour that of the swan
or of the river’s foam.

Strong he is in his yellow-haired host,
in beauty and in cattle he is rich;
and to brave men he brings death
when he sets himself in motion.

A man that loves the chase,
active, a generous feast-giver;
he is head of a bridle-wearing army,
he is tall, proud and imperious.

Bró dianmarcc drechda
na srianmarc sruthra;
barr fraechmin d'afost
ar laechraid luchra

Na hainndiada áille
na bainndiada buide;
bar r[í] saer slat caeille
Iubdán na finne fuide

Meoir bar chorn cherblán
osnad trom [tiuglán];
mian ban serc fort dán
. . . [s]erc Iubdán”

Section 10

A haithle na láide [sin] do egratar na hUlltaig
é d'ilimad gacha maithes[a

gur ba] comárd ocus fer mór díob gach carn
do bí do gach [ní] de.

“mo chubus ám” ar Eisirt

“is frecre degdáined sin

Plód dianmharc d'eachra
na srianmharc srúille,
barr fraochmín d'ór
ar laochra Luchra.

Na (fir) dhiaga áille,
na (mná) diaga buí,
gur rí saor slat choill orthu,
Iubhdán na finne faí.

Méara ar chorn airgid,
osna throm tiompáin,
mian ban searc i do dhán,
is mó ná sin a searc do Iubhdán.”

A haithle na laoite sin, sholáthraíodar na
hUltaigh dó iliomad gach maitheasa,

go mba chomh hard agus fear mór díobh gach
carn a bhí do gach ní ann.

“Dar mo chúis ámh,” ar Eisirt,

“is freagra dea-dhaoine sin,

His is a solid squadron of grand headlong
horses, of bridled horses rushing torrent-like;
heads with smooth adornment of golden locks
are on the warriors of the Luchra.

All the men are comely,
the women all light-haired;
over that land's noble multitude
Iubhdan of truthful utterance presides.

There the fingers grasp silver horns, deep
notes of the timpan are heard; and how great
soever be the love that women are reputed to
bear thee [Fergus], 'tis surpassed by the desire
that they feel for Iubhdan.”

The lay ended Ulster equipped him with
abundance of good things,

till each heap of these as they lay there
equalled their tall men's stature.

“This on my conscience, *indeed,*” quoth
Esirt,

“is indeed a response that is worthy of right
men;

ocus gided berid féin in maithes úd lib	agus cé gurb ea, beirigí féin an maitheas úd libh.	nevertheless take away those treasures:
da[r lim ní] ricimse a les ris	Dar liom, ní gá domsa a leas,	of which I conceive that I have no need,
ár ní fuil aenduine acom thigerna	óir níl aon duine ag mo thiarna	seeing that in my lord's following is no man
gan maithes co leor aice."	gan maitheas go leor aige."	but possesses substance sufficient."
"dobermáit dár [mb]réithir" ar siat	"Beirimid ár mbriathair," ar siad,	<u>Ulster</u> said however: "we pledge our words that,
		as we never would have taken back aught
"dá tucmáis ár mná duit ocus ar crodh u[ainn]	"dá dtugaimis ár mná duit agus ár gcrodh uainn,	though we had given thee our very wives and our kine,
nach bérmaisne én rét uait de	nach mbéarfaimisne aon rud uait dá bharr.	
ocus a tucamar ní béram."	"Agus <u>an méad</u> a thugamar, ní bhéarfaimid."	even so neither will we take again that we now have given thee."
"A ollamna ocus a éigse Ulad" ar Eisirt	"A ollúna agus a éigse Uladh," ar Eisirt,	"Then divide ye the gifts, bards and professors of Ulster," Esirt cried:
"roinnid sú	"roinnigí siúd,	
ocus bíodh a dá trian agaibse	agus bíodh a dhá dtrian agaibhse,	"two thirds take for yourselves,
ocus tabraid in trian aile d'ec[hlach]aib ocus d'oblóraig Ulad."	agus tugaigí an trian eile d'eachaithe agus d'abhlóirí Uladh."	and the other bestow on Ulster's horseboys and jesters."

ocus do bí Eisirt i nEmain co cenn trí lá agus trí naidce	Bhí Eisirt in Eamhain go ceann trí lá agus trí oíche.	So to the end of three days and three nights Esirt was in Emania,
ocus do timain céilebrad d’Fergus agus do maithib Ulad.	Agus thiomáin ceiliúradh d’Fhearghus agus do mhaithe Uladh.	and he took his leave of Fergus and of Ulster’s nobles.
“ragatsa leat” ar Aedh .i. ollamh Ulad agus a fer dána	“Rachaidh mé leat,” ar Aodh, ollamh Uladh agus a bhfear dána	“I will e’en go with thee,” said Ulster’s poet and man of science, Aedh:
ocus do bíodh i nucht nó i coim gacha deglaeich aca	a bhíodh in ucht nó i gcoim gach dea-laoich acu,	that used to lie in their good warriors’ bosoms *or at their waists*,
ocus fa fomóir é i farrad Eisirt	agus ba Fomhórach é i bhfarradh Eisirt,	yet by Esirt’s side was a giant;
ocus do bíodhsom ar bais Aedha.	a bhíodhsan ar bhos Aodha.	for this latter could stand upon Aedh’s palm.
“ní mese déra rit” ar Eisirt “dul lim	“Ní mise a dhéarfaidh leat,” ar Eisirt, “dul liom,	Esirt said: “’tis not I that will bid thee come:
		for were I to invite thee,
óir gémad mait dogentaí ort	óir cé gur maith a dhéantaí ort,	and kindness to be shewn thee in the sequel,
[dérfá] gur gellad duit í	dhéarfá gur gealladh duit í	thou wouldst say ’twas but what [<u>by implication</u>] had been promised thee;
dá niarrainnse lium thu	dá n-iarrainnse liom thú.	

ocus dá nderntar ort í

ocus gan a gellad duit

bud buidech thu.”

Agus dá ndéantar ort í,

agus gan gealladh duit,

ba bhuíoch thú.”

whereas if such be not held out to thee

and thou yet receive the same

thou wilt be grateful.”

Section 11

Ro imgetar in dá éiges sin rompo a hemain
Macha

ocus ba mó coiscéim Aeda:

“is olc siublus tusa a Eisirt” ar Aedh.

ruc Eisirt urracht retha

co mbúi urchar saigde roim Aedh

“atorra sin atá in chóir” ar Aedh.

“dar ár mbréithir” ar Eisirt “issed sin

do chuala do’n chóir acá ráda acaib ó atú
faraibh.”

D’imíodar, an dá éigeas sin, rompu as
Eamhain Macha,

agus ba mhó coiscéim Aodha.

“Is olc (a) shiúil tusa, a Eisirt,” ar Aodh.

Rug Eisirt iarracht reatha

go raibh (sé) urchar saighde roimh Aodh.

“Eatarthu sin atá an chóir,” ar Aodh.

“Dar ár mbriathair,” ar Eisirt, “is é sin

a chuala (mé) don chóir á rá agaibh ó atáim
faraibh.”

Out of Emania the pair of poets now went
their way

and, Aedh’s step being the longer,

he said: “Esirt thou art a poor walker.”

This one then took such a fit of running

that he was an arrow’s flight in front of Aedh,

who said again: “between those two extremes
lies the golden mean.”

“On my word,” retorted Esirt, “that is the one
category

in which since I am among you I have heard
mention made of the golden mean.”

Section 12

Tángatar rompo	Thángadar rompu	On they went then
co tráig na tréinfer i nUlltaib	go Trá na dTréinfhir in Uladh.	till they gained Tráigh na dTréinfhear or 'strand of the strong men' in Ulster:
"créd dogénam anois?" ar Aedh.	"Cad a dhéanfaimid anois?" ar Aodh.	"and what must we do now?" Aedh asked here.
"in muir d'imthecht tar a doimnib" ar Eisirt.	"An mhuir a imeacht thar a doimhne," ar Eisirt.	"Travel the sea over her depths," said the other.
"ní roichiubsa co brách de sin" ar Aedh.	"Ní shroichfidh mise slán go brách de sin," ar Aodh.	To Aedh objecting: "never shall I come safe out of that [<u>trial</u>],"
"ingnam a rochtain damsa ocus gan a rochtain duitse" ar Eisirt	"Ionadh a rochtain domsa agus gan a rochtain duitse," ar Eisirt.	Esirt made answer: "seeing that I compassed the task 'twere strange that thou shouldst fail."
ocus dorigne Aedh láid ocus do fhregair Eisirt é:—	Agus rinne Aodh laoidh, agus d'fhreagair Eisirt é:—	Then Aedh vented a strain and Esirt answered him:—

A.

“A Eisirt fhéil
cá dluidh dogén
risin muir móir
gaeth dom breith sí
do’n tuinn gan tlás
dá ndech suas
do gébar bás”

“Ech Iubdáin fhinn
ticfa ar do chenn
éirigse air
tar romuir menn
ech maith ní bréc
séd bíos ag rí
is commaith lí
itir muir is tír
ech buide bláith
rodbéra leis
an fair gan meirg
is eirg dá fheis”

“A Eisirt fhéil,
cad a déanfaidh (mé)
leis an mhuir mhór,
gaoth dom breith síos
don toinn gan tlás,
dá ndeach(óinn) suas
a gheofar bás.”

“Each Iubhdáin fhinn
(a) thiocfaidh ar do cheann,
éirighse air
thar rómhuir meann,
each maith ní bréag,
séad (a) bhí ag rí,
is comh-mhaith lí,
idir muir is tír
each buí bláith
a bhéarfaidh (tú) leis
an fear gan mhairg,
is éirigh dá fhios.”

“In the vast sea
how shall I contrive,
O generous Esirt,
the wind will bear me down
to the merciless wave
[on which] though I mount upwards
yet [none the less] shall I perish in the end.”

E.
“To fetch thee
fair Iubhdan’s horse will come,
get thee upon him
and cross the stammering sea:
an excellent horse truly
and of surpassing colour,
a king’s valued treasure,
good on sea as upon land.
A beautiful horse
that will carry thee away:
sit on him nor be troubled;
go, trust thyself to him.”

Section 13

Ní fada ro bátar ann co facatar	Ní fada a bhíodar ann go bhfacadar	They had been no long time there when something they marked
in foluaimnech tar bárr uachtair na tonn chucu	an foluaineach thar barr uachtair na dtonn chucu.	which, swiftly careering, came towards them over the billows' crests.
“fair a chol ocus a dhuabais” ar Aedh.	“Air a chol agus a duais,” ar Aedh.	“Upon itself be the evil that it brings,” Aedh cried,
“créd dochí?” ar Eisirt.	“Cad a chionn tú?” ar Eisirt.	and to Esirt asking: “what seest thou?”
“in míol mongruad muige” ar Aedh.	“An míol mongrua maighe,” ar Aodh.	answered: “a russet-clad hare I see.”
“ní hé” ar Eisirt “acht ech Iubdáin ac techt ar do cheansa sin.”	“Ní hé,” ar Eisirt, “ach each Iubhdáin ag teacht ar do cheansa sin.”	But Esirt said: “not so — rather is it Iubhdan's horse that comes to fetch thee.”
ocus is amlaid do bí	Agus is amhlaidh a bhí	Of which horse the fashion was this:
ocus dá súil gríbda glanshoillse glóir ina ciunn.	agus dhá shúil ghríofa ghlanshoilse ghlóir ina cheann,	two fierce flashing eyes he had,
ocus mong chóemálainn chorcarglan uirri	moing chaomhálainn chorcairghlan uirthi,	an exquisite pure crimson mane,
ocus cetra cosa uaine fáí	ceithre chosa uaine fúithi,	with four green legs
ocus erball gnáthchas go [hi]mleabair fair	eireaball gnáthchas imleabhair uirthi,	and a long tail that floated in wavy curls.

ocus niam órda ardcherdach uirri	niamh órga ardcheardach uirthi	His [<u>general</u>] colour was that of prime artificers' gold-work,
ocus srian óir druimnig ria.	agus srian óir droimnigh léi.	and a gold-encrusted bridle he bore withal.
ocus do chuaidh Eisirt ar a muin “tarr aníos a Aedh” ar Eisirt.	Chuaigh Eisirt ar a muin. “Tar aníos, a Aodh,” ar sé.	Eisirt bestriding him said: “come up beside me, Aedh;”
“ac a ollamain” ar Aedh:	“Ach, a ollaimh,” ar Aodh,	but again the latter objected: “nay, poet,
“ní fuil écht do choite féin inti.”	“níl éacht do choda féin inti.”	to do thee alone a skiff's office his capacity is all too scant.”
“ná dénasa cesacht uirri a Aedh” ar Eisirt	“Ná déansa ceasacht uirthi, a Aodh,” ar Eisirt,	“Aedh, cease from fault-finding:
“ár gé atá tromdacht na hecna innatsa	“óir <u>d'aineoinn</u> troime na heagna ionatsa	for ponderous as may be the wisdom that is in thee,
béraid sí sinn araen léi.”	béarfaidh sí sinn araon léi.”	yet will he carry us both.”
ocus do chuadar aroen uirri tar barruachtar na tonn	Agus chuadar araon uirthi thar bharruachtar na dtonn,	They both being now mounted on the horse traversed the combing seas,
ocus tar laechmuinchinn na fairge agus tar imdomnaib in aigéin	agus thar laochmhuincheanna na farraige, agus thar iomdhoimhneacha an aigéin,	the mighty main's expanse and Ocean's great profound,
go rángatar gan brón gan bádhad co mag faithlinn	go rángadar, gan brón, gan bá, go Maigh Faithlinn.	until in the end they, undrowned and without mishap, reached Magh Faithlenn

ocus ro bátar tuatha luchra i noenach ar a gcionn.	Agus bhíodar tuatha Luchra in aonach ar a gcionn.	and there the Luchra people were before them in assembly.
“Eisirt chucainn” ar siat “ocus fomóir farais.”	“Eisirt chugainn,” ar siad, “agus Fomhórach fairis.”	“Esirt approaches,” they cried, “and a giant bears him company.”
is ann sin tánic Iubhdán i gcuinne Eisirt agus do rat póig do	Is ansin a tháinig Iubhdán i gcoinne Eisirt agus a thug sé póg dó.	Then Iubhdan went to meet Esirt, and gave him a kiss:
“a ollamain” ar sé “cid ima tucais in fomóir út chucainn dar marbad?”	“A ollaimh,” ar sé, “cén fáth a thug (tú) an Fomhórach úd chugainn dár marú?”	“but poet,” said he, “wherefore bringest thou this giant to destroy us?”
“ní fomóir é” ar Eisirt “acht ollam Ulad agus a fer dána agus abhac in rig sút	“Ní Fomhórach é,” ar Eisirt, “ach ollamh Uladh agus a bhfear dána, agus abhac a rí siúd.	“No giant is he, but Ulster’s poet and man of science, and the king’s dwarf.
ocus is é sút duine as luga sin tír asa tánic	Agus is é siúd (an) duine is lú sa tír as a dtáinig (sé),	In the land whence he comes he is the least,
dóig bí sút i nochtaib na bfer mór ann	dóigh bhí siúd in uchtanna na bhfear mór ann	so that in their great men’s bosoms, he lies down
ocus i mbasaib	agus ina mbois	and, as it were an infant,
amail do biadh lenb	amhail a mbeadh leanbh.	stands on the flat of their hands.

ocus gidedh rictíse a les bar coimét fair.”	Agus cé gur sa riocht sin atá (sé), bhur leas súil a choiméad air.”	For all which he is yet such that before him ye would do well to be careful of yourselves.”
“cá hainm sút?” ar siad.	“Cá hainm siúd?” ar siad..	They further asking: “what is his name?”
“Aedh éiges a ainm” ar Eisirt.	“Aodh éigeas a ainm,” ar Eisirt.	were told that he was called ‘poet Aedh.’
“uch is mór a fhir t’athach” ar siat sin.	“Uch, is mór an fear d’fhathach,” ar siad sin.	“Alack man,” they cried <u>to Esirt</u> , “thy giant is huge indeed.”

Section 14

